## Céard ba cheart duit a dhéanamh má shíleann tú go bhfuil cás den ghalar ann?

Galar **infhógartha** is ea an Galar Gormtheanga. Caithfear tuairisc a thabhairt ar an bpointe don Oifig Tréidliachta Áitiúil faoi aon chúis amhrais maidir leis an ngalar. Ba cheart d'fheirmeoirí agus d'úinéirí eile athchogantach a bheith ar an eolas, mar sin, maidir le comharthaí cliniciúla an ghalair (faoi mar a thugtar thuas iad) agus a bheith ar an airdeall i leith iompair mhínormálta nó tinnis in eallaigh, i gcaoirigh, i ngabhair agus i bhfianna, go háirithe nuair a bhíonn an aimsir go breá. I gcás amhrais, níl cead athchogantaigh a bhogadh ón áitreabh go dtí go gcuirfidh torthaí ón sampla fola an galar as an áireamh.

Chun tuilleadh eolais a fháil, lena n-áirítear grianghraif sa bhreis ar roinnt de chomharthaí cliniciúla an ghalair, féach an leathanach maidir leis an ngalar gormtheanga sa rannóg um Shláinte agus Leas Ainmhithe ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.agriculture.gov.ie.

Caora a bhfuil an galar gormtheanga uirthi le sileadh raidhsiúil sróine agus le haghaidh ata.

Caora a bhfuil an galar gormtheanga uirthi le sileadh raidhsiúil sróine agus le haghaidh ata.

Caora a bhfuil an galar gormtheanga uirthi a bhfuil an fáinne corónach athlasta.

Bó a bhfuil an galar gormtheanga uirthi le toinníteas agus sileadh sróine.

Bó a bhfuil an galar gormtheanga uirthi le creimeadh mhúcós na sróine.

Bó a bhfuil an galar gormtheanga uirthi le húth ata agus gearba ar na siní.

Admháil agus Cóipcheart na nGrianghraf – Animal Health Service Deventer, An Ísiltír, agus den Chlár um Eolaíocht na Víreas Artrapód-Iompartha, Institute for Animal Health, Pirbright.

Department of
Agriculture,
Fisheries and Food
An Roinn
Talmhaíochta,
Iascaigh agus Bia

2008

# Bileog Faisnéise d'Fheirmeoirí maidir leis an nGalar Gormtheanga

www.agriculture.gov.ie

## Réamhrá

Is é cuspóir na bileoige faisnéise seo ná feasacht an tionscail maidir leis an nGalar Gormtheanga a ardú. Is éard atá sa ghalar gormtheanga ná ionfhabhtú víreasach a bhuaileann an chuid is mó d'athchogantaigh chlóis agus fhiáine, mar shampla eallaigh, caoirigh, gabhair, fianna srl. Ní féidir le daoine an víreas gormtheanga a tholgadh agus, dá réir sin, ní baol don tsláinte phoiblí é an galar. Níl baol ar bith ann gur féidir an galar a tholgadh nó a scaipeadh trí fheoil nó trí bhainne.

Bíodh is nach raibh tuairisc riamh ar chás den ghalar gormtheanga in Éirinn, tá baol méadaithe ann go dtiocfaidh an galar go hÉirinn mar gheall ar imeachtaí le déanaí i dTuaisceart na hEorpa, go háirithe san Ísiltír, sa Bheilg, i Lucsamburg, sa Ghearmáin, sa Fhrainc agus sa Bhreatain Mhór.

## Bealaí inar Féidir leis an nGalar Teacht Isteach

Tá trí phríomhbhealach inar féidir leis an nGalar Gormtheanga teacht go hÉirinn:

- Ar dtús, trí ainmhí a allmhairiú a bhfuil an víreas ina chuid fola aige. Dá gcailgfeadh an cineál ceart míoltóige an t-ainmhí, agus dá mbeadh na dálaí timpeallachta i gceart, d'fhéadfadh an mhíoltóg sin an t-ionfhabhtú a tharchur chuig ainmhithe eile.
- Níl an dara bealach inar féidir leis an ngalar teacht isteach chomh dealraitheach céanna, ach d'fhéadfadh sé tarlú dá séidfí míoltóga ionfhabhtaithe go hÉirinn ó thíortha eile, mar shampla ón Fhrainc nó ón Ríocht Aontaithe. Arís, bheadh ar na dálaí timpeallachta cabhrú le marthain na míoltóg agus leis an tarchur.
- Is é an bealach is lú atá ann inar féidir leis an ngalar teacht isteach ná seamhan ionfhabhtaithe nó táirgí bitheolaíochta ionfhabhtaithe eile a allmhairiú.

## Tarchur

Is trí veicteoirí (míoltóga géara den speiceas *Culicoides*) is mó a tharchuirtear an víreas, ach tá tuairiscí freisin ar tharchur tríd an bplacaint (.i. ón máthair chuig an lao sa bhroinn) in eallaigh i gcás shéiritíopa 8. Bíonn na míoltóga a scaipeann an galar gníomhach in Éirinn ó Mhí Aibreáin go Mí na Samhna go príomha agus bíonn siad le fáil go coitianta ar fheirmeacha. I measc na 16 speiceas is coitianta den mhíoltóg in Éirinn, tá 8 speiceas díobh ar a laghad ina n-iompróirí ionchasacha den ghalar gormtheanga. Ós rud é go mbraitheann an galar ar na hiompróirí seo, is galar séasúrach atá i gceist, agus feictear is mó é idir Mí Iúil agus Mí na Samhna.

## Bearta Rialaithe

I measc reachtaíocht an AE agus na reachtaíochta náisiúnta chun dul i ngleic leis an nGalar Gormtheanga, áirítear:

- Criosanna Rialaithe (20km), Cosanta (100km) agus Faireachais (150km) a bhunú timpeall an ghabháltais ionfhabhtaithe
- Srianta ar ghluaiseachtaí laistigh de na criosanna seo agus ó na criosanna seo
- Ainmhithe a choinneáil i ngéibheann laistigh nuair a bhíonn an t-iompróir gníomhach
- An t-iompróir a rialú / a dhíothú trína ghnáthóga a scriosadh agus trí fheithidicídí a úsáid
- Ainmhithe ionfhabhtaithe / faoi amhras a mharú, má bhíonn gá leis chun scaipeadh an ghalair a chosc, agus na conablaigh a scriosadh
- Monatóireacht a dhéanamh ar an iompróir (gaistí solais)
- Vacsaíniú.

Rialófaí gluaiseacht eallach agus caorach laistigh de na criosanna rialaithe agus ó na criosanna rialaithe, lena n-áireofaí an crios faireachais de 150km, agus bheadh allmhairiú ainmhithe beo faoi réir srianta. Choinneofaí na rialaithe i bhfeidhm go dtí nach mbeadh aon bhaol eile ann go scaipfí an galar a thuilleadh, ach d'fhéadfaí na rialaithe a mhaolú i rith na tréimhse nach mbeadh na hiompróirí feithide gníomhach (an tréimhse a bhíonn saor ó iompróirí).

## Impleachtaí Trádála

Braithfidh na himpleachtaí trádála **má dheimhnítear go bhfuil an galar gormtheanga in Éirinn** ar chás an ghalair ghormtheanga sa tír nó sa cheantar atá ina c(h)eann scríbe:

- Má tá an tír nó an ceantar c(h)eann scríbe saor ón nGalar Gormtheanga, nó mura dtéann an tséiritíopa den Ghalar Gormtheanga céanna mar atá ag scaipeadh in Éirinn ag an tráth sin i bhfeidhm ar an tír nó ar an gceantar sin, beidh gluaiseacht d'ainmhithe beo agus de sheamhan, d'ubháin agus de shuthanna faoi réir na gcoinníollacha daingne atá leagtha amach i reachtaíocht an AE.
- Má tá an tír nó an ceantar c(h)eann scríbe srianta mar gheall ar an tséiritíopa den Ghalar Gormtheanga a bheadh in Éirinn ag an tráth sin, bheadh gluaiseacht d'ainmhithe beo agus de sheamhan, d'ubháin agus de shuthanna mar an gcéanna le gluaiseacht laistigh den chrios srianta céanna, agus bheadh sé faoi réir mhionchoinníollacha.
- Tá impleachtaí ann freisin d'ainmhithe a allmhairítear trí cheantair atá srianta mar gheall ar an nGalar Gormtheanga, mar go gcaithfear ainmhithe agus feithiclí iompair a chóireáil le feithidicídí/le héarthaigh feithidí.
- Toisc nach féidir an Galar Gormtheanga a tharchur i bhfeoil nó i mbainne, níor chóir go rachfaí i bhfeidhm ar thrádáil i dtáirgí dá leithéid.

## Allmhairí ón Eoraip

Níor mhór do dhaoine a mbeadh sé ar intinn acu eallaigh nó caoirigh a allmhairiú ón Eoraip a bheith eolach ar na srianta ar allmhairiú ó cheantair atá srianta mar gheall ar an ngalar gormtheanga, agus ba cheart dóibh na priacail a bhaineann lena leithéid d'allmhairí sna himthosca reatha a mheas go cúramach. Déanfar na hallmhairí ar fad den chineál sin a thástáil don ghalar gormtheanga nuair a thiocfaidh siad go hÉirinn, agus ba cheart iad a choinneáil amach ó ainmhithe eile go dtí go mbeidh fáil ar thorthaí na dtástálacha.

## Comharthaí Cliniciúla

I roinnt mhaith bólachtaí agus tréad caorach, b'fhéidir nach mbeadh ach ainmhí nó dhó tinn. Déanann an liosta seo a leanas achoimre ar na comharthaí cliniciúla seo a d'fhéadfadh a bheith le feiceáil in ainmhí a bhfuil ionfhabhtú géar air:

Eallaigh:

- Cneácha agus gearba ar an aghaidh agus ar an mbéal
- Súile dearga agus an iomarca deor
- Priosláil
- Cneácha agus gearba ar na siní
- Bacaí
- Ísliú sa tál bainne
- Cailliúint meáchain

Caoirigh:

- Cneácha agus gearba ar an aghaidh agus ar an mbéal
- Aghaidh ata
- Cúr leis an mbéal
- Bacaí
- Cailliúint meáchain
- Easpa fonn ithe
- Cneácha agus gearba ar na siní
- Ísliú sa tál bainne
- Marbhántacht